2024/2490

20.9.2024

CINNEADH ÓN gCÚIRT BHREITHIÚNAIS

an 4 Meán Fómhair 2024

maidir le doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí fheidhmchlár e-Curia

TÁ AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS,

ag féachaint do na Rialacha Nós Imeachta, agus go háirithe d'Airteagail 48(2), agus 57(7) díobh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Forbraíodh feidhmchlár ríomhaireachta lenar féidir doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí mheán leictreonach, chun dul i ngleic le forbairt na teicneolaíochta cumarsáide.

(2) Leis an bhfeidhmchlár sin, atá bunaithe, sa lá atá inniu ann, ar chóras deimhnithe leictreonach ina mbaintear úsáid as aitheantas úsáideora agus pasfhocal pearsanta, comhlíontar na riachtanais maidir le barántúlacht, sláine agus rúndacht na ndoiciméad arna malartú.

(3) I bhfianaise an ratha a bhí ag an bhfeidhmchlár seo agus na mbuntáistí a ghabhann leis, go háirithe maidir le luas na malartuithe a dhéantar ar an mbealach seo, cuireadh deis ar fáil in 2018 do chúirteanna na mBallstát agus do dhaoine atá i dteideal, faoi rialacha nós imeachta náisiúnta, ionadaíocht a dhéanamh ar pháirtí ós comhair chúirteanna a Stáit, gan bheith ina Ghníomhaire nó ina Dhlíodóir.

(4) Ar mhaithe le riar cuí an cheartais – agus d'fhonn déileáil le tarchur chun réamhrialú amháin – caithfear an deis chéanna, atá ar fáil faoi láthair, a thabhairt chomh maith do dhaoine atá údaraithe, faoi na rialacha nós imeachta náisiúnta céanna, ionadaíocht a dhéanamh dóibh féin os comhair cúirteanna náisiúnta agus cúirteanna Stáit eile, faoi dhlí an Aontais, iarraidh ar réamhrialú a chur faoi bhráid na Cúirte

(5) De bharr gurb é an feidhmchlár seo an phríomhuirlis chumarsáide idir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na páirtithe sna cásanna a thugtar os a comhair, ní mór, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil mhéadaithe agus trédhearcacht, na tairbhithe uile a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an bhfeidhmchlár seo a liostú faoi aon airteagal amháin.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS::

Airteagal 1

Sainmhíniú

Leis an bhfeidhmchlár ríomhaireachta ar a dtugtar 'e-Curia', feidhmchlár is coiteann do na cúirteanna de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is féidir doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí mheán leictreonach sna coinníollacha arna leagan síos leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Rochtain ar an bhfeidhmchlár

D'fhonn úsáid a bhaint as an bhfeidhmchlár, caithfear cuntas rochtana a oscailt agus ní mór aitheantas úsáideora agus pasfhocal pearsanta a bheith ag an té a bhaineann úsáid as.

Tá an feidhmchlár ar fáil d'ionadaithe na bpáirtithe nó do na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht (cuntas 'ionadaí'), do dhaoine a ghníomhaíonn thar ceann cúirt náisiúnta nó do Stát eile ag a bhfuil an chumhacht chun ceist a tharchur chuig an gCúirt i gcomhair réamhrialú (cuntas 'cúirt') nó, maidir le cásanna réamhrialaithe, do dhaoine atá údaraithe, faoi rialacha náisiúnta nós imeachta, ionadaíocht a dhéanamh dó féin nó ionadaíocht a dhéanamh do pháirtí os comhair cúirteanna náisiúnta (cuntas 'duine údaraithe').

Ina theannta sin, tá sé ar fáil do chúntóirí arna gceapadh de réir ainm ag sealbhóir ceann de na cuntais sin (cuntas 'cúntóir').

Airteagal 3

Doiciméad nós imeachta a thaisceadh

Meastar go bhfuil doiciméad nós imeachta arna thaisceadh trí e-Curia mar bhunchóip an doiciméid de réir bhrí Airteagal 57(1) de na Rialacha Nós Imeachta nuair a úsáidtear aitheantas úsáideora agus pasfhocal pearsanta ionadaí an pháirtí nó de dhuine leasmhair dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, duine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dó féin nó do pháirtí sna príomhimeachtaí i gcás tarchur chun réamhrialú, nó an duine atá ag gníomhú thar ceann na cúirte a rinne an tarchur chun é a thaisceadh. Is ionann an t-aitheantas úsáideora agus an pasfhocal sin a úsáid agus an doiciméad sin lena mbaineann a shíniú.

Airteagal 4

Iarscríbhinní

Ní mór na hiarscríbhinní atá luaite i ndoiciméad nós imeachta arna thaisceadh trí e-Curia a cheangal leis an doiciméad sin chomh maith le sceideal na n-iarscríbhinní.

Airteagal 5

Doiciméid nós imeachta a sheirbheáil

Meastar go bhfuil doiciméad nós imeachta taiscthe de réir bhrí Airteagal 57(6) de na Rialacha Nós Imeachta tráth a dheimhníonn ionadaí páirtí nó duine leasmhair dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, an duine atá údaraithe ionadaíocht a dhéanamh dó féin nó do pháirtí sna príomhimeachtaí i gcás réamhrialaithe, nó an duine atá ag gníomhú thar ceann chuntas na cúirte a rinne an tarchur.

Is í uair Ard-Diúcacht Lucsamburg an uair a chuirfear san áireamh.

Airteagal 6

Doiciméid nós imeachta a sheirbheáil

Seirbheálfar doiciméid nós imeachta, lena n-áirítear breithiúnais agus orduithe, trí e-Curia ar shealbhóirí chuntas e-Curia, a dhéanann ionadaíocht, i gcás, do pháirtí nó do dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht nó a ghníomhaíonn ar a gcuntas féin nó thar ceann cuntas páirtí sna príomhimeachtaí nó thar ceann na cúirte a rinne an tarchur. Seirbheálfar na doiciméid sin ar shealbhóirí cuntais cúntóra freisin.

Sna cásanna dá bhforáiltear sa Reacht agus sna Rialacha Nós Imeachta, seirbheálfar na doiciméid nós imeachta trí e-Curia ar Bhallstáit, ar Stáit eile atá mar pháirithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ar thríú tíortha, ar Údarás Faireacháin Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa agus ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais atá tar éis glacadh leis an modh seirbheála seo.

Féadfar doiciméid nós imeachta a sheirbheáil trí mhodhanna eile tarchuir dá bhforáiltear sna Rialacha Nós Imeachta más gá dóibh mar gheall ar mhéid nó ar chineál an doiciméid nó nuair nach féidir úsáid a bhaint as e-Curia de bharr cúinsí teicniúla.

Airteagal 7

Dáta agus uair na seirbheála

Cuirfear fógra chuig faighteoirí na ndoiciméad atá luaite sa mhír roimhe seo, trí ríomhphost, faoi aon doiciméad a sheirbheálfar orthu trí e-Curia.

Measfar go mbeidh doiciméad nós imeachta seirbheáilte tráth a iarrfaidh an faighteoir rochtain ar an doiciméad sin. In éagmais iarratas rochtana, measfar go mbeidh an doiciméad seirbheáilte tar éis an seachtú lá i ndiaidh sheoladh an ríomhphoist fógartha.

I gcás ina ndéanann roinnt daoine ionadaíocht do pháirtí nó do dhuine leasmhar dá dtagraítear in Airteagal 23 den Reacht, nó i gcás ina bhfuil roinnt daoine i dteideal gníomhú thar ceann páirtí sna príomhimeachtaí nó thar ceann na cúirte a rinne an tarchur, is í an uair a chuirfear san áireamh chun na teorainneacha ama a ríomh ná uair a dhéanfar na chéad iarrata ar rochtain, i gcás ina bhfuil an duine a rinne an iarratas nó duine dá chúntóirí, ina shealbhóir cuntais.

Is í uair Ard-Diúcacht Lucsamburg an uair a chuirfear san áireamh.

Airteagal 8

Coinníollacha úsáide an fheidhmchláir

Leagfaidh an Cláraitheoir síos na coinníollacha úsáide le haghaidh e-Curia agus áiritheoidh sé go n-urramófar iad. D'fhéadfaí an cuntas rochtana lena mbaineann a dhíghníomhachtú dá n-úsáidfí e-Curia ar bhealach nach bhfuil i gcomhréir leis na coinníollacha sin.

Déanfaidh an Chúirt na bearta riachtanacha chun e-Curia a chosaint in aghaidh aon mhí-úsáid nó úsáid mhailíseach.

Cuirfear in iúl don úsáideoir trí ríomhphost gach beart arna ghlacadh de bhun an Airteagail seo lena gcuirtear bac air úsáid a bhaint as a chuntas rochtana.

Airteagal 9

Aisghairm

Leis an gCinneadh seo, déantar an Cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Deireadh Fómhair 2018 maidir le doiciméid nós imeachta a thaisceadh agus a sheirbheáil trí fheidhmchlár e-Curia ([1]) a aisghairm agus a ionadú.

Airteagal 10

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 4 Meán Fómhair 2024.

Cláraitheoir	*Uachtarán*
A. CALOT ESCOBAR	K. LENAERTS

([1]) IO L 293 an 20.11.2018, lch. 36.